



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

2025/0311(COD)

PE-CONS 41/26

ECOFIN 817
UEM 263
CODEC 1178
ECB

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh.
473/2013 a mhéid a bhaineann lena n-ailíniú le creat rialachais
eacnamaíoch an Aontais agus leis an gcreat sin a shimpliú a thuilleadh

RIALACHÁN (AE) 2026/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013
a mhéid a bhaineann lena n-ailíniú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais
agus leis an gcreat sin a shimpliú a thuilleadh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(6)
i gcomhar le hAirteagal 136 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C, C/2025/6772, 23.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2025/6772/oj>.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais in 2024 ('athchóiriú 2024'). Ba é aidhm fhoriomlán athchóiriú 2024 faireachas eacnamaíoch éifeachtach a éascú, agus é fréamhaithe i gcreat coiteann lena n-áirithítear cóir chomhionann agus comhordú iltaobhach beartais. Ba iad cuspóirí sonracha athchóiriú 2024 airgeadas poiblí fóna agus inbhuanaithe, fás fóna cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn a thuilleadh trí athchóirithe agus infheistíocht, cosc a chur ar easnaimh iomarcacha agus úinéireacht náisiúnta a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tugadh isteach le hathchóiriú 2024 coincheapa nua agus rinneadh athruithe ar struchtúr chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Cuireadh athchóiriú 2024 chun feidhme trí Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle⁴ agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle⁵ a ghlacadh.

³ Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj>).

⁴ Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj>).

⁵ Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj>).

- (2) I dteachtaireacht uaidh an 11 Feabhra 2025 dar teideal ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú’, leag an Coimisiún amach fíis do chlár oibre maidir le cur chun feidhme agus simpliú arb é is aidhm dó borradh a chur faoin iomaíochas agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chosaint tríd an ualach rialála a laghdú agus dlí an Aontais a shimpliú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca é a chur chun feidhme.
- (3) I gcomhréir le hathchóiriú 2024, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011⁶ agus (AE) Uimh. 473/2013⁷ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú chun comhsheasmhacht leis na gníomhartha dlí eile faoi chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a áirithiú agus chun rannchuidiú leis an gcreat sin a chuíchóiriú agus a shimpliú.
- (4) Is chun leas, go háirithe, Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, beartais eacnamaíocha a sheoladh lena gcuirtear oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta chun cinn agus is chun a leasa freisin beartais lena gcuirfí an t-oibriú sin i mbaol a sheachaint agus is cúram de chuid na mBallstát sin an dá ní sin a dhéanamh. Ar bhonn Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 córas smachtbhannaí riaracháin chun inchreidteacht chreat faireachais fhioscaigh an Aontais a fheabhsú agus chun mífhaisnéis maidir le sonraí easnamh agus fiachais rialtais a dhíspreagadh, bíodh sin d’aon ghnó nó mar gheall ar fhaillí thromchúiseach, arb ionchur fíor-riachtanach é i gcomhordú an bheartais eacnamaíoch san Aontas.

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro (IO L 306, 23.11.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1173/oj>).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtpheannanna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, lch. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/473/oj>).

- (5) Ceann amháin de phríomhaidhmeanna athchóiriú 2024 ab ea nósanna imeachta faireachais fhioscaigh agus forfheidhmithe a neartú chun an gealltanas maidir le cur chun cinn airgeadais phoiblí de chineál fóna inbhuanaithe agus fáis inbhuanaithe chuimsithigh a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, treisíodh sásraí forfheidhmiúcháin trí, inter alia, méideanna na smachtbhannaí airgeadais faoin ngné cheartaitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a laghdú agus trí fhorchur na smachtbhannaí sin a dhéanamh de réir a chéile, chun a gcur i bhfeidhm éifeachtach a éascú. I gcomhréir le hathchóiriú 2024, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú chun a chomhsheasmhacht le gníomhartha dlíthiúla eile faoi chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a áirithiú, is é sin Rialachán (AE) 2024/1263 agus Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle⁸.
- (6) Le hathchóiriú 2024, níor coinníodh coincheap an diallta shuntasaigh ná an nós imeachta ghaolmhair sa ghné choiscitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, i gcomhréir le rún na gcomhreachtóirí an creat fioscach a shimpliú agus cur chuige rioscabhunaithe a thabhairt isteach. Dá bhrí sin, an ceanglas atá ar Bhallstát taisce úsmhar a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcás nach gcomhlíontar nós imeachta maidir le diall suntasach, ba cheart é a scriosadh ó Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011.

⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj>).

- (7) Níl aon fhíneálacha le forchur faoi Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 i gcás ina bhfuil an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad nó i gcás ina molann an Coimisiún fíneálacha a fhorchur faoi Airteagal 126(11) CFAE, i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 12 de Rialachán (CE) 1467/97. Déantar fíneálacha a iontráil mar ioncam i mbuiséad ginearálta an Aontais, i gcomhréir le prionsabal uilíocht bhuiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 107 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509⁹. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú chun tagairtí do dháileadh fíneálacha a bhaint, rud a leanfaidh, mar réamhshocrú, prionsabal na huilíochta.
- (8) Le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, ceadaítear idirphlé eacnamaíoch idir institiúidí an Aontais, arna iarraidh sin do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, chun plé a dhéanamh ar chinntí maidir le smachtbhannaí airgeadais a fhorchur i leith neamhchomhlíonadh rialacha fíoscacha an Aontais.
- (9) Chun trédhearcacht, cuntasacht agus úinéireacht a chaomhnú i leith na gcinntí a rinneadh, ba cheart na doiciméid agus na gníomhartha atá le soláthar ag an gCoimisiún don Chomhairle mar a shonraítear sa Rialachán seo a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa gan moill mhíchuí.
- (10) An chumhacht a thugtar don Choimisiún le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le smachtbhannaí airgeadais i leith cúbláil staidrimh, níl gá léi a thuilleadh agus ba cheart, dá bhrí sin, í a scriosadh.

⁹ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

- (11) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú chun inneachar na tuarascála ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus an sprioc-am lena thíolacadh a shoiléiriú.
- (12) Is bunchloch athchóiriú 2024 iad na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1263. Cuireadh in ionad na gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú agus na gclár náisiúnta um athchóiriú iad agus, ar an gcaoi sin, tugadh le chéile gealltanais fhioscacha, athchóirithe agus infheistíochta gach Ballstáit faoi chreat coiteann. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun é a ailíniú leis an gcreat coiteann sin.
- (13) Áirithítear le Rialachán (AE) 2024/1263 comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰. Go háirithe, le Rialachán (AE) 2024/1263, comhtháthaítear bearta agus athchóirithe atá le déanamh i gcomhthéacs an nós imeachta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a chosc agus a cheartú. Go sonrach, foráiltear le Rialachán (AE) 2024/1263 go bhfuil an Coimisiún le cur san áireamh, agus grinn-athbhreithnithe á ndéanamh aige agus breithniú á dhéanamh aige ar cheart a shuí gur ann do mhíchothromaíocht iomarcach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, aon chur chun feidhme míshásúil ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí a áirítear i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Ballstáit atá ábhartha do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, nuair a sheoltar nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, is gá don Bhallstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach athbhreithnithe a thíolacadh, ar plean é atá le fónamh mar phlean gníomhaíochta ceartaithí freisin faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj>).

- (14) Chun creat fioscach an Aontais a shimpliú agus trédhearcacht a mhéadú, tugadh isteach le hathchóiriú 2024 táscaire oibriúcháin aonair atá bunaithe ar inbhuanaitheacht fiachais, agus a fhónann mar bhonn leis an gconair fhioscach a shocrú agus le faireachas fioscach bliantúil a dhéanamh le haghaidh gach Ballstáit. Déantar an táscaire oibriúcháin aonair sin, agus é bunaithe ar an gconair ghlanhaiteachais, a chur in ionad an chuspóra mheántearmaigh, an chomhardaithe struchtúraigh, an tagarmhairc glanhaiteachais agus an tagarmhairc laghdaithe fiachais a bhí ann i gcreat fioscach an Aontais a bhí ann roimhe sin. Le haghaidh Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, molann an Chomhairle conair cheartaitheach ghlanhaiteachais i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.
- (15) Chun an creat dlíthiúil a shimpliú, ba cheart an sainmhíniú ar chomhlacht neamhspleách i Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun tagairt a dhéanamh d'Airteagal 8a de Threoir 2011/85/AE ón gComhairle¹¹. Leis an Treoir sin, leagtar síos ceanglais ar institiúidí fioscacha neamhspleácha i ngach Ballstát i ndáil le coimircí, acmhainní agus cúraimí neamhspleáchais. Ina theannta sin, déantar foráil le hAirteagal 4(5) de Threoir 2011/85/AE maidir le hidirphlé teicniúil idir na Ballstáit agus an Coimisiún faoi na toimhdí atá mar bhonn taca le hullmhú na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha. Dá bhrí sin, ní gá foráil den sórt sin a áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 473/2013.

¹¹ Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj>).

- (16) Le Treoir 2011/85/AE, bunaítear na nósanna imeachta le haghaidh creataí buiséadacha meántéarmacha náisiúnta lena bhforáiltear maidir le pleanáil fhioscach ilbhliantúil. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 9(2), pointe (c), den Treoir sin go gcuimseofar sna creataí buiséadacha meántéarmacha náisiúnta, *inter alia*, tuairisc maidir le beartais mheántéarmacha a shamhlaítear, lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí, a bhfuil tionchar acu ar airgeadas rialtais ghinearálta agus ar fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun an creat dlíthiúil a shimpliú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun athrá na bhforálacha a leagtar síos cheana féin i dTreoir 2011/85/AE a sheachaint.
- (17) Tá ról tábhachtach ag institiúidí fioscacha neamhspleácha agus éifeachtacha i gcreataí buiséadacha náisiúnta na mBallstát agus i gcreat fioscach an Aontais. Bunaítear le Treoir 2011/85/AE na híoschaighdeáin is infheidhme maidir le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha agus na cúraimí atá orthu, lena n-áirítear an cúram faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha fioscacha uimhriúla náisiúnta mura rud é gur comhlachtaí eile a bhfuil neamhspleáchas feidhmiúil acu vis-à-vis údaráis fhioscacha na mBallstát a dhéanann an cúram sin. Is féidir leis na Ballstáit níos mó ná institiúid amháin den sórt sin a bhunú. Foráiltear le Rialachán (AE) 2024/1263 gur féidir le Ballstát a iarraidh ar an institiúid fhioscach neamhspleách tuairim a eisiúint maidir leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus maidir leis na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca le conair ghlanhaiteachais an phlean fhioscach-struchtúraigh mheántearmaigh náisiúnta tosaigh nó athbhreithnithe. Ó 2032, beidh eisiúint na dtuairimí sin ó na hinstitiúidí sin éigeantach, ar choinníoll go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach forbartha acu. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit a iarraidh ar institiúid fhioscach neamhspleách measúnú a sholáthar ar chomhlíontacht na sonraí olltoraidh buiséid arna dtuairisciú sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn leis an gconair ghlanhaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus anailís a dhéanamh ar na tosca atá taobh thiar de dhiall ón gconair ghlanhaiteachais shocraithe.

- (18) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta buiséadacha náisiúnta comhsheasmhach leis na moltaí a glacadh de bhun Rialachán (AE) 2024/1263 agus, i gcás inarb infheidhme, leis na moltaí agus cinntí a glacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1467/1997 agus le cinntí a glacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 agus leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir 2011/85/AE.
- (19) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun foráil a dhéanamh gur cheart dréachtpheannanna buiséadacha a bheith comhsheasmhach agus gur cheart dóibh na ceanglais a leanann as athchóiriú 2024 a chomhlíonadh. Ba cheart cur chun feidhme na moltaí ón gComhairle maidir leis na pleananna físcach-struchtúracha meántéarmacha a léiriú i ndréachtpheannanna buiséadacha. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan amach sna dréachtpheannanna buiséadacha an chaoi a gcuirfear an straitéis beartais fhioscaigh chun feidhme sa chéad bhliain eile, agus na bearta caiteachais agus ioncaim a chur i láthair lena n-áirithítear comhlíonadh na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle amach faoi Rialachán (AE) 2024/1263 nó ba cheart míniú a thabhairt iontu ar aon diall ón gconair ghlancaiteachais sin. Má tá an Ballstát faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart *na* bearta caiteachais agus ioncaim a chur i láthair ina dhréachtpheannanna buiséadacha lena n-áirithítear comhlíontacht i leith na conaire glanchaiteachais ceartaithí mar a leag an Chomhairle amach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

- (20) Chun críocha an tsimplithe agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú ionas nach gceanglófar ar na Ballstáit a thuilleadh sonraí a thuairisciú ar léir ón taithí a fuarthas nach bhfuil ach breisluach teoranta ag baint leo. Ina theannta sin, ós rud é gur leor tuairisciú don Choimisiún chun eisiúint fiachais náisiúnta na mBallstát ar na margáí fiachais cheannasaigh a chomhordú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú ionas nach gceanglófar ar na Ballstáit a thuilleadh tuairisciú *ex ante* don Ghrúpa Euro maidir lena bpleananna eisiúna fiachais phoiblí, agus ar an gcaoi sin a n-ualach tuairiscithe a laghdú.
- (21) Chun faireachas fíoscach san Aontas a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart ceangal a bheith ar an gCoimisiún a thuilleadh eilimintí nár chuir breisluach ar fáil sa phróiseas faireachais a áireamh ina mheasúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine. Áirítear ar ghnéithe den sórt sin anailísí íogaireachta ar na rioscaí d'inhuanaitheacht airgeadais phoiblí i gcás forbairtí díobhálacha eacnamaíocha, airgeadais nó buiséadacha agus modheolaíocht, samhlacha agus toimhdí réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí sheirbhísí an Choimisiúin do gach Ballstát.
- (22) I gcás nach bhfuil rialtas Ballstáit in ann dréachtdlí buiséid a ullmhú lena ghlacadh ag a pharlaimint náisiúnta, níor cheart é a bheith ina cheangal dréachtphean buiséadach a thíolacadh bunaithe ar bheartais gan athrú. Ina ionad sin, ba cheart malartú teicniúil a chur in ionad an cheanglais sin, trína soláthróidh an Ballstát lena mbaineann faisnéis don Choimisiún maidir lena staid mhaicreacnamaíoch agus bhuiséadach, faisnéis a chuirfidh an Coimisiún san áireamh ina réamhaisnéisí.

- (23) Tugadh cláir comhpháirtíochta eacnamaíche isteach leis an gConradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta an 2 Márta 2012¹² agus rinneadh iad a ionchorprú i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais in 2013 le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013. Ba é an aidhm a bhí le cláir comhpháirtíochta eacnamaíche a áirithiú go gceartófaí easnaimh iomarcacha na mBallstát go héifeachtach agus go buan trína cheangal ar na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach tuairisc a thabhairt ar na bearta beartais agus ar na hathchóirithe struchtúracha is gá chun a n-easnamh iomarcach a laghdú. Faoi athchóiriú 2024, comhlíontar an ról a bhí ag cláir comhpháirtíochta eacnamaíche roimhe seo ar dhá phríomhbhealach. Baineann an chéad cheann le cur chuige meántéarmach rioscabhunaithe a ghlacadh sna pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha, lena gcuirtear san áireamh tionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar an inbhuanaitheacht fhioscach. Baineann an dara ceann le hathneartú an nós imeachta um easnamh iomarcach trí chritéir shoiléire maidir le gníomhachtú agus maidir le haisghairm a thabhairt isteach le haghaidh nós imeachta um easnamh iomarcach fiachasbhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun a chur san áireamh go bhfuil cláir comhpháirtíochta eacnamaíche imithe i léig.

¹² ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2012/302.

- (24) Le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013, tugadh isteach ceanglais tuairiscithe bhreise le haghaidh na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97. Ba é cuspóir na gceanglas sin an malartú faisnéise idir na Ballstáit lena mbaineann agus an Coimisiún a fheabhsú agus aon riosca a shainaithint, ag céim luath, maidir le neamhchomhlíonadh an sprioc-ama chun an t-easnamh iomarcach a cheartú. Le hathchóiriú 2024, tugadh isteach táscaire aonair chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí glanchaiteachais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach. Tá na Ballstáit le tuairisciú go tráthrialta i leith an táscaire sin ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a thíolactar faoi Rialachán (AE) 2024/1263. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú, dá bhrí sin, chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú agus chun díriú ar athchóiriú 2024 a chur chun feidhme. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach gan ach an fhaisnéis a iarrtar faoi Rialachán (AE) 2024/1263 agus (CE) Uimh. 1467/97 agus na tuarascálacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach a bheidh ann ina dhiaidh sin a bhaineann le moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó faoi fhógraí ón gComhairle faoi Airteagal 126(9) CFAE a sholáthar mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 473/2013, ós rud é gur leor faisnéis den sórt sin chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí glanchaiteachais. Ba cheart an ceart a bheith ag an gCoimisiún i gcónaí aon fhaisnéis bhreise a mheasann sé a bheith riachtanach chun críoch faireachais bhuiséadaigh a iarraidh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun deireadh a chur le cumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmlichte a ghlacadh chun ábhar an tuairiscithe breise a shonrú.

- (25) I gcomhréir leis na moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) nó leis na fógraí faoi Airteagal 126(9) CFAE, ceanglaítear ar na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach tuarascálacha a thíolacadh maidir le gníomhaíocht éifeachtach. Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht leis an bhfairesachán ar ghníomhaíocht a dhéantar chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun na hoibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as na moltaí sin ón gComhairle a shoiléiriú. Go háirithe, ba cheart do Bhallstát ar a ndírítear moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle gach 6 mhí go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstát ar a ndírítear fógra ón gComhairle faoi Airteagal 126(9) CFAE tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn ráithiúil go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Chun an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart é a bheith indéanta na tuarascálacha sin maidir le gníomhaíocht éifeachtach a áireamh sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1263 agus, i gcás inarb iomchuí, sna dréachtpheananna buiséadacha. Ós rud é go bhfuil ceanglais tuairiscithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 le cur in ionad an fhaireacháin níos dlúithe ar bheartais bhuiséadacha na mBallstát atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart don Choimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar an ngníomhaíocht éifeachtach arna déanamh ag an mBallstát, na tuarascálacha uile maidir le gníomhaíocht éifeachtach a chuireann an Ballstát isteach a chur san áireamh.

- (26) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun nósanna imeachta atá ann cheana a shimpliú agus chun scor de na nósanna imeachta sin nach bhfuil úsáideach agus nach dtagann le cur chuige foriomlán athchóiriú 2024. Go háirithe, na forálacha lena gceanglaítear ar an gCoimisiún, i gcás ina bhfuil riosca ann nach gcomhlíonfar an sprioc-am chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, moladh a thabhairt don Bhallstát, ba cheart iad a scriosadh, ionas go léireofar fócas níos meántearmaí athchóiriú 2024.
- (27) De bhun Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, cuirfidh an Coimisiún na tosca ábhartha uile mar a léirítear in Airteagal 126(3) CFAE san áireamh nuair atá tuarascáil á hullmhú faoin Airteagal sin maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Dá bhrí sin, ní gá a cheangal go sainráite go gcuirfí an tuairim ón gCoimisiún a glacadh faoi Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 san áireamh nuair atá tuarascáil á hullmhú ag an gCoimisiún faoi Airteagal 126(3) CFAE nó nuair atá cinneadh á dhéanamh ag an gComhairle maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann faoi Airteagal 126(6) CFAE. Ina theannta sin, i bhfianaise scriosadh Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, níl an ceanglas maidir leis an tuairim ón gCoimisiún arna glacadh de bhun Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a chur san áireamh nuair a mholtar taisce neamhúsmlhar a fhorchur faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ábhartha a thuilleadh.

- (28) Chun trédhearcacht, úinéireacht agus cuntasacht na gcinntí a dhéantar faoi Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a mhéadú, ba cheart foráil a dhéanamh chun idirphlé eacnamaíoch a cheadú idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le sonrú ábhar na ndréchtphleananna buiséadacha, maidir le torthaí phlé an Ghrúpa Euro faoi thuairimí ón gCoimisiún i dtaca le dréchtphleananna buiséadacha a mhéid a cuireadh ar fáil go poiblí iad, agus maidir leis an measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine.
- (29) Cuirtear straitéis an Aontais maidir le fás agus poist chun feidhme trí athchóirithe agus infheistíochtaí a sheachadadh lena dtugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin arna sainathint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena ndírítear ar athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus ar fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach trí bhorradh a chur faoin iomaíochas, faoin táirgiúlacht, faoin acmhainneacht fáis, faoin gcomhtháthú sóisialta agus faoin gcóineasú eacnamaíoch agus, ar an gcaoi sin, tugtar cuidiú maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha atá le sárú ag an Aontas. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 go míneoidh na Ballstáit ina bpleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha conas a fhreagraíonn cur i gcrích na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar na príomhdhúshláin arna sainathint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtabharfaidh siad aghaidh ar na tosaíochtaí coiteanna seo a leanas de chuid an Aontais: aistriú cóir glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear colún Eorpach na gceart sóisialta, slándáil fuinnimh agus, i gcás inar gá, cumais chosanta a fhorbairt.

¹³ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj>).

- (30) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun sprioc-am le haghaidh na dtuarascálacha ón gCoimisiún, agus maidir le hábhar na dtuarascálacha sin, a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin.
- (31) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 473/2013 agus (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leagtar amach leis an Rialachán seo córas smachtbhannaí chun forfheidhmiú na **gné ceartaithí** den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis sa limistéar euro a neartú.’;

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) scriostar pointe 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘(2) ciallaíonn ‘an ghné cheartaitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis’ an nós imeachta chun easnamh iomarcach Ballstáit a sheachaint agus a cheartú mar a rialáiltear í le hAirteagal 126 CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.’;

(c) scriostar pointe 3;

- (3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó Uachtarán an Ghrúpa Euro láithriú os comhair an choiste chun cinntí a rinneadh de bhun Airteagal 6 den Rialachán sin a phlé.’;

- (4) scriostar Caibidil III;

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil IV:

‘CAIBIDIL IV

**SMACHTBHANNAÍ SA GHNÉ CHEARTAITHEACH DEN CHOMHSHOCRÚ
COBHSAÍOCHTA AGUS FÁIS’;**

- (6) scriostar Airteagal 5;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'Airteagal 6

Fíneálacha

1. Más rud é go gcinneann an Chomhairle, ag gníomhú di faoi Airteagal 126(8) CFAE, nach ndearna Ballstát aon ghníomhaíocht éifeachtach chun an t-easnamh iomarcach atá aige a cheartú, molfaidh an Coimisiún, laistigh de 20 lá ón tráth a glacadh an cinneadh sin, go ndéanfaidh an Chomhairle fíneáil a fhorchur, le cinneadh dá éis sin, arb é suas le 0,02 % den mheastachán is déanaí ar OTI an Bhallstáit sa bhliain roimhe sin a bheidh ann. Íocfar an fhíneáil gach 6 mhí go dtí go measann an Chomhairle go bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an mBallstát lena mbaineann mar fhreagairt ar an bhfógra a eisíodh faoi Airteagal 126(9) CFAE.
 2. Measfar cinneadh lena ndéantar fíneáil a fhorchur a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneann sí, trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a dhiúltú laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.
 3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a leasú, agus an téacs arna leasú amhlaidh a ghlacadh mar chinneadh ón gComhairle.';
- (8) scriostar Airteagal 7;
- (9) in Airteagal 8, scriostar mír 4;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘Airteagal 9

Cineál riaracháin na smachtbhannaí

Beidh na smachtbhannaí arna bhforchur de bhun Airteagail 6 agus 8 de chineál riaracháin.’;

(11) scriostar Airteagail 10 agus 11;

(12) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 8, ní vótálfaidh ach comhaltaí den Chomhairle a dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus gníomhóidh an Chomhairle gan vóta an chomhalta den Chomhairle a dhéanann ionadaíocht don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.’;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Airteagal 13

Tuarascáil

1. Faoi 31 Nollaig 2030 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra chun an Rialachán seo a leasú.

2. Déanfar athbhreithniú sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar an méid seo a leanas:
- (a) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir lena chuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach;
 - (b) an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíochtaí eacnamaíocha na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE;
 - (c) rannchuidiú an Rialacháin seo le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach.
3. Tarchuirfear an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 473/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, leasaítear mír 1 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):
 - ‘(a) an Seimeastar Eorpach, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, a chomhlánú le hamlíne bhuiséadach choiteann;

- (b) an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, a chomhlánú;
- (c) córas faireachais iltaobhaigh ar bheartais bhuiséadacha, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1263, a chomhlánú le ceanglais faireacháin bhreise chun a áirithiú go ndéanfar moltaí beartais ón Aontas sa réimse buiséadach a chomhtháthú go hiomchuí sna hullmhúcháin bhuiséadacha náisiúnta;

* Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj>).’;

(b) scriostar pointe (e);

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ciallaíonn ‘comhlacht neamhspleách’ institiúid fhioscach neamhspleách arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 8a de Threoir 2011/85/AE;’;

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) ciallaíonn ‘plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta’ an plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE) 2024/1263;’;

– cuirtear na pointí seo a leanas léi:

‘(e) ciallaíonn ‘conair ghlanhaiteachais’ an chonair ghlanhaiteachais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2024/1263;

(f) ciallaíonn ‘conair cheartaitheach ghlanhaiteachais’ an chonair cheartaitheach ghlanhaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.’;

(ii) scriostar an dara fomhír;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe ar ‘earnáil an rialtais ghinearálta’ agus ‘fo-earnálacha earnáil an rialtais ghinearálta’ a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Rialachán seo.

* Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj>).’;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘Airteagal 3

Comhsheasmhacht leis an gcreat um chomhordú an bheartais eacnamaíoch

Beidh nós imeachta buiséadach na mBallstát comhsheasmhach leis na nithe seo a leanas:

- (1) na moltaí arna n-eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/1263;
 - (2) i gcás inarb iomchuí, na moltaí ón gComhairle arna n-eisiúint agus na cinntí arna nglacadh i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1467/97;
 - (3) i gcás inarb iomchuí, cinntí arna nglacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011;
 - (4) na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir 2011/85/AE.’;
- (4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:
- (a) scriostar mír 1;
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
 - ‘4. Beidh an phleanáil fhioscach ilbhliantúil náisiúnta faoi Threoir 2011/85/AE agus dréachtbhuiséid dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo bunaithe ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha neamhspleácha, agus léireoidh siad an comhlacht neamhspleách a rinne na réamhaisnéisí buiséadacha a tháirgeadh nó a fhorghuiniú. Déanfar na réamhaisnéisí sin a phoibliú in éineacht leis na doiciméid maidir le planáil fhioscach ilbhliantúil náisiúnta iomchuí faoi Threoir 2011/85/AE agus na dréachtbhuiséid ar bonn taca dóibh iad.’;

(5) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Beidh institiúidí fíoscacha neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagail 5, 6 agus 8a de Threoir 2011/85/AE agus Airteagail 11, 15 agus 23 de Rialachán (AE) 2024/1263 i bhfeidhm ag na Ballstáit.’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

‘Airteagal 6

Ceanglais maidir le faireachán

1. Cuirfidh na Ballstáit dréachtphlean buiséadach don bhliain atá ag teacht faoi bhráid an Choimisiúin agus an Ghrúpa Euro gach bliain, faoin 15 Deireadh Fómhair. Beidh an dréachtphlean buiséadach sin comhsheasmhach leis an gcreat a leagtar amach in Airteagal 3.
2. A luaithe a bheidh na dréachtphleananna buiséadacha dá dtagraítear i mír 1 curtha faoi bhráid an Choimisiúin, déanfar iad a phoibliú.
3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an mbliain a chumhdaítear leis an dréachtbhuiséad agus leis an mbliain roimhe sin ann sa dréachtphlean buiséadach:
 - (a) ráta fáis an ghlanchaiteachais, arna shainmhíniú in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2024/1263, agus miondealú a chomhpháirteanna arna léiriú sa dréachtbhuiséad;
 - (b) tuairisc agus cainníochtú maidir leis na bearta ioncaim agus caiteachais a áirítear sa dréachtbhuiséad;

- (c) cainníochtú ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, agus ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas ar caiteachas é a áirítear sa dréachtbhuiséad;
- (d) na réamh-mheastacháin, faoi bheartais gan athrú, ar chaiteachas agus ioncam rialtais ghinearálta mar chéatadán de OTI arna miondealú de réir a bpríomh-chomhpháirteanna, lena n-áirítear ollfhoirmiú caipitil sheasta;
- (e) na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha ar a mbunaítear an dréachtbhuiséad, lena n-áirítear na príomhthoimhdí agus na forbairtí tábhachtacha eacnamaíocha atá ábhartha don dréachtbhuiséad sin;
- (f) na réamh-mheastacháin ar chaiteachas agus ioncam rialtais ghinearálta arna miondealú de réir a bpríomh-chomhpháirteanna, ar réamh-mheastacháin iad atá bunaithe ar na sonraí olltoraidh is déanaí atá ar fáil agus atá comhsheasmhach leis na gnéithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (e), is iad sin ráta fáis an ghlanchaiteachais, na bearta ioncaim agus caiteachais, an caiteachas ar chláir an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha;
- (g) comhardú buiséid an rialtais ghinearálta, mar a dhíorthaítear ó na réamh-mheastacháin ioncaim agus chaiteachais agus arna miondealú de réir fo-earnála den rialtas ginearálta, chomh maith leis an bhfiachas rialtais ghinearálta;
- (h) faisnéis ábhartha maidir le caiteachas rialtais ghinearálta de réir feidhme, lena n-áirítear maidir le hoideachas, cúram sláinte agus cosaint, lena n-áirítear infheistíocht sa chosaint, agus maidir le caiteachas rialtais ghinearálta san fhostaíocht;

- (i) na toimhdí agus na modheolaíochtaí foluiteacha a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar thionchar buiséadach na mbeart caiteachais agus ioncaim;
- (j) tásca maidir leis an gcaoi a dtabharfaidh na gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a leagtar amach sa dréacthphlean buiséadach, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí, aghaidh ar na moltaí reatha atá dírithe ar an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 121 agus 148 CFAE.

Féadfaidh níos lú mionsonraí a bheith ann sa tuairisc maidir le bearta ioncaim agus caiteachais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), i gcás beart lena mbaineann tionchar buiséadach a mheastar a bheith níos ísle ná 0,1 % de OTI. Tabharfar aird ar leith agus léiraird ar phleananna móra maidir le hathchóiriú ar an mbeartas buiséadach, lena n-áirítear na pleananna sin a bhféadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith ag baint leo do Bhallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

4. Tabharfar míniú sa dréacthphlean buiséadach ar conas a áirithítear leis an dréachtbhuiséad don bhliain atá le teacht go gcomhlíonfar an chonair ghlancaiteachais arna socrú ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 nó, i gcás inarb infheidhme, tabharfar míniú ar aon diall ón gconair ghlancaiteachais sin.

I gcás na mBallstát atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, tabharfar míniú sa dréacthphlean buiséadach ar conas a áirithítear leis an dréachtbhuiséad don bhliain atá le teacht go gcomhlíonfar an chonair cheartaitheach ghlancaiteachais.

5. Déanfar sonraíochtaí inneachar an dréachtphlean bhuiséadaigh a leagan amach i gcreat comhchuibhithe arna bhunú ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit.’;

(7) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. D’ainneoin mhír 1, i gcás ina sainaithníonn an Coimisiún, i gcásanna eisceachtúla, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann laistigh d’aon seachtain amháin ó thíolacadh an dréachtphlean bhuiséadaigh, neamhchomhlíonadh suntasach tromaí an dréachtphlean bhuiséadaigh atá thar a bheith tromchúiseach leis an gconair ghlanhaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 nó leis an gconair cheartaitheach ghlanhaiteachais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach arna bhunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, de réir mar is infheidhme, glacfaidh an Coimisiún a thuairim laistigh de dhá sheachtain ó thíolacadh an dréachtphlean bhuiséadaigh. Ina thuairim, iarrfaidh an Coimisiún go ndéanfaí dréachtphlean buiséadach athbhreithnithe a thíolacadh chomh luath agus is féidir agus in aon chás laistigh de thrí seachtaine ó eisiúint a thuairime. Beidh an iarraidh ón gCoimisiún cuí-réasúnaithe agus poibleofar í.

Beidh feidhm ag Airteagal 6(2), (3) agus (4) den Rialachán seo i gcás dréachtphleananna buiséadacha athbhreithnithe arna dtíolacadh de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo.

Glacfaidh an Coimisiún tuairim nua ar an dréachtphlean buiséadach athbhreithnithe chomh luath agus is féidir agus in aon chás laistigh de thrí seachtaine ó thíolacadh an dréachtphlean bhuiséadaigh athbhreithnithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais sa limistéar euro ina iomláine, ar bhonn na n-ionchas buiséadach náisiúnta agus a n-idirghníomhú ar fud an limistéir, ag brath ar na réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí ó sheirbhísí an Choimisiúin.

Sa mheasúnú foriomlán uaidh, déanfaidh an Coimisiún cur síos, de réir mar is iomchuí, ar bhearta chun comhordú beartais bhuiséadaigh agus mhaicreacnamaíoch a dhaingniú ar leibhéal an limistéir euro.

Poibleofar an measúnú foriomlán agus cuirfear san áireamh é sa treorú ginearálta bliantúil a eisiónn an Coimisiún do na Ballstáit.’;

(8) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, ar bhonn *ex ante* agus go tráthúil, maidir lena bpleananna eisiúna fiachais náisiúnta.’;

(9) scriostar Airteagal 9;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

Ceanglais tuairiscithe do na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach

1. I gcás ina nglacann an Chomhairle moltaí atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 126(7) CFAE, cuirfidh an Ballstát sin tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Cuirfear na tuarascálacha sin isteach gach 6 mhí ag tosú ó thiolacadh na chéad tuarascála maidir le gníomhaíocht éifeachtach dá dtagraítear in Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, agus go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Beidh inneachar na dtuarascálacha leantacha sin maidir le gníomhaíocht éifeachtach mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.
2. I gcás ina dtugann an Chomhairle fógra don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 126(9) CFAE, cuirfidh an Ballstát sin tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Cuirfear na tuarascálacha sin isteach gach ráithe ag tosú ó thiolacadh na chéad tuarascála ar ghníomhaíocht éifeachtach dá dtagraítear in Airteagal 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, agus go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Beidh inneachar na dtuarascálacha leantacha sin maidir le gníomhaíocht éifeachtach mar a leagtar síos in Airteagal 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

3. Féadfar na tuarascálacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn arna sainmhíniú in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2024/1263, agus sa dréachtphlean buiséadach, i gcás inar féidir sin a dhéanamh.
4. Agus measúnú á dhéanamh maidir le cé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát lena mbaineann gníomhaíocht éifeachtach mar fhreagairt ar mholadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó ar chinneadh ón gComhairle maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 126(9) CFAE, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú a bhunú, *inter alia*, ar na tuarascálacha a thíolacann na Ballstáit i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo.
5. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar na Ballstáit má mheasann sé gur gá sin chun críoch faireachais bhuiséadaigh.
6. Beidh an tuairisc a cheanglaítear faoin Airteagal seo ina dhlúthchuid den fhaireachán tráthrialta, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, de chur chun feidhme gníomhaíochta a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann mar fhreagairt ar mholtaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó mar gheall ar chinntí ón gComhairle maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 126(9) CFAE chun an t-easnamh iomarcach a cheartú.’;

(11) scriostar Airteagail 11 agus 12;

- (12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Airteagal 13

*Comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Ní bheidh Ballstáit atá faoi réir clár coigeartaithe mhaicreacnamaíoch faoi réir Airteagail 6, 7, 8 agus 10 den Rialachán seo.

* Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.5.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/472/oj>).’;

- (13) scriostar Airteagal 14;

- (14) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) torthaí an phlé a rinne an Grúpa Euro maidir leis na tuairimí ón gCoimisiún arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (2), a mhéid a rinneadh iad a phoibliú;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) gníomhartha ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 126(8) agus in Airteagal 126(11) CFAE.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

‘2. Féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa an deis a thabhairt don Bhallstát is ábhar do na gníomhartha ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), páirt a ghlacadh i malartú tuairimí.’;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

‘Airteagal 16

Tuarascáil

1. Faoin 31 Nollaig 2030 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra chun an Rialachán seo a leasú.
2. Déanfar athbhreithniú sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar an méid seo a leanas:
 - (a) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir lena chuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach;
 - (b) an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíochtaí eacnamaíocha na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE;

- (c) rannchuidiú an Rialacháin seo le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach.

3. Cuirfear an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.;

(16) scriostar Airteagal 17.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
